

INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAELGE, EARRACH 2016

SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAELGE

PÁIPÉAR II – 100 MARC

(80 MARC ANSEO AGUS 20 MARC DO ‘TEANGA AGUS CULTÚR’)

Uair agus leathuair an chloig don pháipéar seo (10.00-11.30). Dhá cheist a fhreagairt, ceist amháin as gach Roinn.

ROINN A

PRÓS

Freagair Ceist 1 nó Ceist 2

1. “Tagann buntáistí ón scéalaíocht do pháistí nach dtagann ó fhearas súgartha nua-aimseartha.”
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don alt nuachtáin, ‘Scéalta as Tír na nÓg,’ le Liam Ó Muirthile mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

2. “Cé go gcuireann córas patrarcach srian ar na mná sa scéal ‘Iníon Rí na Cathrach Deirge,’ le hAngela Bourke, léiríonn na mná go bhfuil siad in ann bealaí a aimsiú chun an córas sin a shárú.”
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don scéal mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

ROINN B

FILÍOCHT

Freagair Ceist 3 nó Ceist 4

3. “An onóir a thuilleann na laochra a throid ar son shaoirse na hÉireann sa Bhliain 1916 is téama den dán, ‘Do M’Athair’, le Caoimhín Ó Conghaile.”
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don dán mar thacaíocht le do freagra.
(40 marc)

DO M'ATHAIR

Luan Cásca, 1916

Ní thig liomsa cloch ná umha
Ná marmar plúrgheal
D'ardú chun do chuimhnese,
Ná fiú le ceol na mbuabhall
Aire an tslua
Do dhíriú ar d'íobairtse.
Dreonn gach leacht dá chruacht
Is don cheol ní buan
Ach ar uair a sheinte amháin;
Ach an fhad a bheidh saorfhir buach
Is é a saoirse siúd do chuimhneachán.

4. “Ceird bheannaithe is ea í ceird na feirmeoireachta sa dán ‘Ceol an Bhainne’, le Bríd Dáibhís.”

Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don dán mar thacaíocht le do fhreagra.

(40 marc)

CEOL AN BHAINNE
(do Mháire Sheán Shiúnach)

Tá Máire ag bleán sa bhuaile,
Glúin amháin feachta,
A ceann le ceathrú na bó
Tá sí deighilte uainn
Go ceann tamaill.

Airím ceol an bhainne
Agus é ag baint leis an stán;
Ceol ársa a cumadh i bhfad siar.
Tá cogaint na círe
Ag teacht leis an rithim,
Le hardú is ísliú na lámh,
Leis an steall ar chúr an lachta.

Guíonn Bríd Pheadar Mháirtín
Bail ó Dhia ar an obair
Ag dul thar bráid di.
Is cuí an bheannacht í
In ionad 'Haigh!'
Agus bainne na beatha
Á thál orainn.